

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH 2016

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC
(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Ba cheart go gcuirfí oideachas réamhscoile saor in aisce ar fáil do pháistí sula dtéann siad chuig an mbunscoil.
- (b) Na tuilte
- (c) An bhfuil Éirí Amach 1916 á chomóradh i gceart?
- (d) An polaiteoir is mó sa tír seo a bhfuil meas agam air/uirthi
- (e) An bhfuil dóthain béime á cur ag Cumann Lúthchleas Gael ar rannpháirtíocht agus ar thaitneamh?

(35 marc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

I do not go out to a restaurant very often but there is a public house beside us and it is getting a very good name for the food it provides at the week-ends and during the summer when there are a lot of tourists about. By accident I found out about it. I was there last Saturday at lunch time and while I was waiting for a friend of mine, I had a look at the menu. I noticed that the service was very quick so I decided to order something. I had soup as a starter and for the main course I had lamb with mixed vegetables and chips. I didn't bother with any dessert. When my friend came we had a cup of coffee. The whole lot cost fifteen euro. I was really pleased and as well as that I had no meal to prepare when I went home. I think I will be going back there again.

(15 marc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Children! Stand in the line but stay out of the pool of water.
2. Liam is a lawyer. He has three children, two boys and a girl.
3. I am a member of the Sports Centre. I play basketball there every Friday.
4. As a teacher you have to be kind, patient and understanding.
5. I am living in a detached house on the edge of the town.
6. How long does it take you to go to school?
7. I prefer to read a book than to look at television.
8. Niamh has a great liking for soap operas. They help her escape.
9. It is an action film about someone who was born and reared in Paris.
10. There is a gift shop and a shoe shop beside the supermarket.

(15 marc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Tá m’aigne déanta suas agam,” arsa Cormac. “Rachaidh mé go Meiriceá an samhradh seo.” “An (bí) tú ann ar feadh (an samhradh) ar fad?” arsa Eoghan. “Rachaidh mé ann ar feadh (coicís) ag tús mhí Iúil,” arsa Cormac. “Bhí mé ann cheana féin trí (bliain) ó shin ach ní (téigh: mé) aon áit lasmuigh de San Francisco.” “Cá rachaidh tú an uair seo?” arsa Eoghan. “Go Nua Eabhrac,” arsa Cormac. “Beidh sé níos (te) ansin ná mar a bhíonn sé i San Francisco,” arsa Eoghan. “Agus céard faoi chúrsaí lóistín an uair seo?” “Má fheicim aon árasán deas féinfhrestail (ar: cíós) ar an idirlíon,” arsa Cormac, “(cuir: mé) in áirithe láithreach é.” “An bhfuil tú i ndáiríre? Beidh sé sin an-daor,” arsa Eoghan. “Dá mbeadh níos mó airgid agam, (fan: mé) i dteach ósta,” arsa Cormac. “Bí cúramach ann ar aon nós,” arsa Eoghan. “(Goid) airgead uaimse ar an *Subway* uair amháin i Nua Eabhrac.”

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. An (siúil: tú) ar scoil gach lá?
2. (Faigh: mé) rothar ar cíós nuair a rachaidh mé ar saoire.
3. (Déan) a lán gealltanais san fheachtas toghchánaíochta Mí Feabhra seo caite.
4. Tá peannaireacht Neasa i bhfad níos (olc) ná peannaireacht aon duine eile.
5. Ba chuma le Cormac go raibh gach duine ag magadh (faoi: é).
6. Má fhaighim ticéad do chluichí ceannais na hEorpa, (téigh: mé).
7. Dá (tar) titim sneachta an Cháisc seo, bheadh ionadh orm.
8. Chomh luath agus a bhí an litir (scríobh) ag Aisling chuir sí sa phost í.
9. Ba mhaith le hÚna a madra a (taispeáin) ag seó madraí an samhradh seo.
10. Tháinig Mícheál sa dara (áit) sa rás.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Éamonn Ceannt, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú air in www.ainm.ie

I mBéal Átha Mó, Co. na Gaillimhe, a rugadh Éamonn Ceannt ar 21 Meán Fómhair, 1881. Ball den Chonstáblacht Ríoga ab ea a athair James a bhí ina chainteoir dúchais Gaeilge ó Thiobraid Árann Theas. B'as Contae Chorcaí dá mháthair, Siobhán Galwey. Seisear buachaillí agus aon chailín amháin a bhí ag a thuismitheoirí agus ba é Éamonn an séú duine díobh, an dara duine ab óige. D'aistrigh an chlann go Baile Átha Cliath tuairim 1891 agus d'fhreastail Éamonn ar Scoil Uí Chonail. Fuair sé post cléirigh i mBardas Bhaile Átha Cliath.

In 1898 ghlac Éamonn páirt i gcomóradh céad bliain Éirí Amach 1798. Sa bhliain chéanna cheannaigh sé *Simple Lessons in Irish* leis an Athair Eoghan Ó Gramhnaigh. Bhí an-spéis aige i dteangacha agus nuair a bhí sé ina lead óg thaitin sé leis a chuid Fraincise agus a chuid Gearmáinise a chleachtadh le mairnéalaigh ar na dugaí.

Mhúineadh sé ranganna Gaeilge do Chonradh na Gaeilge agus ag Oireachtas na Gaeilge, 1906 bhuaigh sé an chéad duais sa chomórtas 'An taispeántas is fearr i modh múinteoireachta'. Phós sé duine dá scoláirí, Áine Ní Bhraonáin, i 1907. I nGaeilge a bhí an searmanas agus is boinn airgid de chuid na Fraince a úsáideadh.

Píobaire ba ea é agus bhí sé ina rúnaí ag Cumann na bPíobairí i dtús an chéid. D'fhéach sé chuige gur i nGaeilge a bheadh miontuairiscí an Chumainn. Sheinn sé na píoba i láthair an Phápa Pius X, i bhfómhar 1908.

Bhí sé in aghaidh chuairt Sheirse V i 1911. Ba dhuine de bhunaitheoirí na nÓglach é agus bhí sé ina chaptaen ar Chomplacht A den 4ú Cathlán nuair a bhí na gunnaí á dtabhairt i dtír i mBinn Éadair agus i gCill Chomhghaill. Bhí sé ar dhuine den seachtar a shínigh forógra Phoblacht na hÉireann agus bhí sé i gceannas sa South Dublin Union san Éirí Amach. Cuireadh chun báis é ar 8 Bealtaine, 1916.

D'éag a bhean chéile, Áine ar 2 Feabhra, 1954. Breitheamh sna cúirteanna ab ea í. Bhí sí ina leasuachtarán ar Chumann na mBan agus mar rúnaí ag Cumann Éireannach na Croise Báine.

1. Cé mhéad duine níos óige ná Éamonn féin a bhí i dteaghlach Éamoinn?
2. Cén sórt fostaíochta a bhí ag Éamonn sular thosaigh sé ag múineadh Gaeilge?
3. Céard a rinne Éamonn chun barr feabhais a chur ar a chuid teangacha lasmuigh den Ghaeilge?
4. Cén fhianaise atá san alt go raibh Éamonn ina mhúinteoir maith?
5. Cén doiciméad tábhachtach a bhaineann le hÉirí Amach 1916 a bhfuil ainm Éamoinn air?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceistanna a ghabhann leis:-

Cearbhall Ó Dálaigh, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú air in www.ainm.ie

Ag 85 An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin, a rugadh Cearbhall Ó Dálaigh ar 12 Feabhra, 1911. Bhí a athair Richard ina bhainisteoir ar shiopa éisc Mhic Chába ag an seoladh sin. Ba í Úna Thornton a mháthair. Bhí Cearbhall ar scoil i Scoil Náisiúnta Naomh Crónán, Bré. Nuair a cailleadh an t-athair d'aistrigh siad go Baile Átha Cliath agus thosaigh Cearbhall ag freastal ar Scoileanna na mBráithre i Sráid Synge. Chaith sé an scoilbhliain 1922-23 i Scoil na Leanbh sa Rinn. Rinne sé staidéar ar an léann Ceilteach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Dubhghlas de hÍde a bhí mar ollamh aige.

Bhí Cearbhall Ó Dálaigh ina eagarthóir Gaeilge ar *Scéala Éireann* ón lá a thosaigh an páipéar, 5 Meán Fómhair, 1931, agus lean sé sa phost anuas go 1940. Chuir sé roimhe leathanach Gaeilge a bheith aige gach lá. Agallamh a chuir sé ar an gCraoibhín, a bhí ag éirí as ollúnacht na Gaeilge, a bhí aige sa chéad eagrán agus ba é Cearbhall freisin a thóg an pictiúr. Chomh maith leis na cúrsaí sin thugadh Cearbhall Ó Dálaigh áit agus aitheantas sa leathanach do na scríbhneoirí óga. Is ann a foilsíodh cuid maith de shaothar Sheosaimh Mhic Grianna den chéad uair. Is i leathanach Chearbhaill a foilsíodh an chéad alt Gaeilge a scríobh Brian Ó Nualláin.

An dlí agus an Ghaeilge an dá rud ar thiomnaigh sé a shaol dóibh. Glaodh chun an bharra é i 1934 agus phós sé Máirín Nic Dhiarmada an bhliain chéanna. Rinneadh Abhcóide Sinsearach de i 1945. Insealbhaíodh é ina Uachtarán na hÉireann 19 Nollaig, 1974. D'éirigh sé as an uachtaránacht ar 22 Deireadh Fómhair 1976 nuair a ghlaoigh an tAire Cosanta (Patrick Donegan) 'a thundering disgrace' air toisc gur chuir sé bille um chumhachtaí éigeandála faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí. Scríobh Breandán Ó hEithir i dtaobh a théarma: 'Measaim gur thuig gach mionaicme pobail, lucht léinn, aos ealaíon agus pobal na Gaeilge go raibh Uachtarán againn nach loicfeadh orthu, ar a gcúiseanna agus ar an tír. Níor loic. Nuair a chonaic sé oifig na hUachtaránachta agus a ionad faoin mBunreacht dá dhíspeagadh, chonaic pobal mór na hÉireann cén miotal a bhí sa bhfear séimh, cúirtéiseach seo'.

Ceann dá thréithe dúchais ab ea an mórmheas a bhí aige ar lucht ealaíon i gcoitinne. Léiriú áirithe ar a mheas ar an bhfilíocht an turas a thug sé ar Chúirt an tSáirséalaigh i gCorcaigh 2 Feabhra, 1977 nuair a bhí Seán Ó Ríordáin ag fáil bháis ann. Nuair a cailleadh an Ríordánach, ba é Cearbhall Ó Dálaigh a thug an óráid os cionn a uaighe.

Nuair a d'éirigh sé as an bpost chuaigh sé chun cónaithe in aice le Snaidhm, Co. Chiarraí. Ann a d'éag sé 21 Márta 1978 agus is i Snaidhm a cuireadh é.

1. Cén cruthúnas atá san alt go raibh spéis ag Cearbhall Ó Dálaigh mar mhac léinn i nithe a bhain leis an tír seo?
2. Céard atá san alt a thaispeánann go raibh baint ag Cearbhall leis an iriseoireacht?
3. Cén fhianaise atá san alt gur sheas Cearbhall Ó Dálaigh i gcónaí lena phrionsabail?
4. Cén meas a léirigh Cearbhall Ó Dálaigh ar Sheán Ó Ríordáin tar éis don Ríordánach bás a fháil?
5. Cá bhfuil uaigh Chearbhaill Uí Dhálaigh?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Liostaigh na buntáistí a bhaineann le Rólimirt.
- (b) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, “Ag an dochtúir – comhrá idir dochtúir agus páiste a raibh timpiste aige/aici”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.
- (15 marc)
9. (a) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Tabhair samplaí den teanga a d’fhéadfadh a bheith i gceist agus an modh sin in úsáid ag an múinteoir.
- (b) I gCur Chuige Cumarsáideach, céard ba chóir tarlú sa Tréimhse Réamhchumarsáide? Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Mínigh conas a ullmhaítear na páistí chun “Cluiche Kim” a imirt agus conas a imrítear an cluiche féin. Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí.
- (15 marc)
10. (a) Tabhair sainmhíniú ar Fheidhm Theanga. Tabhair sampla d’Fheidhm Theanga agus eiseamláir oiriúnach ag dul léi.
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Paráid Lá Fhéile Pádraig” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna.
- (c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist thuisceana ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.

(15 marc)